COMHAD FÍRICÍ:
TEICNEOLAÍOCHT DHIGITEACH GCSE
Aonad 1 – SONRAÍ DIGITEACHA

Rewarding Learning

Comhad Fíricí 20: Athruithe ar dheiseanna fostaíochta, scileanna, riachtanais agus cleachtais oibre

Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:

- Cur síos ar thionchar na teicneolaíochta digití ar fhostaíocht, lena n-áirítear:
  - Deiseanna méadaithe fostaíochta san earnáil teicneolaíocht dhigiteach agus ríomhaireachta;
  - Díláithriú post;
  - Athruithe ar phatrúin oibre;
  - An gá atá le huas-sciliú;

Bhí tionchar ollmhór ag tabhairt isteach TFC (*ICT*) san áit oibre breis agus tríocha bliain ó shin ar an dóigh a n-oibríonn daoine. Cé go raibh faitíos ar go leor daoine ag an tús roimh TFC a raibh an tuairim acu go gcaillfidís a bpost go dtí róbat nó ríomhaire, tháinig sé chun solais go gasta gur chruthaigh tabhairt isteach TFC go leor deiseanna fostaíochta chomh maith.



Deiseanna post

Tháinig róil nua post chun cinn mar gheall ar TFC a thabhairt isteach, amhail ríomhchláraitheoirí, innealtóirí bogearraí, teicneoirí TFC, bainisteoirí gréasán, agus comhairleoirí TFC. De réir mar a d'fhorbair TFC, d'fhorbair na róil post chomh maith. Tá deiseanna do róil nua post san earnáil TFC atá ag síorfhás cruthaithe ag dearadh gréasáin, forbairt aipeanna agus meáin shóisialta.

Díláithriú post

Tháinig deireadh iomlán le roinnt róil post le tabhairt isteach TFC san ionad oibre. Mar shampla, i monarchana ina mbíodh oibrithe daonna ag obair ar urlár na monarchan, tá úsáid na róbat ríomhrialaithe curtha in áit na ról a bhíodh acu. Oibrithe cléireachais amhail cléirigh chomhdaithe a chaith cuid mhór ama tráth ag cur páipéarachais i gcomhad, níl siad de dhíth a thuilleadh mar tá bunachair sonraí nó scarbhileoga curtha ina n-áit.

Patrúin oibre atá ag athrú

Go traidisiúnta, ba é 9-5 an lá oibre do go leor fostaithe. Anois áfach, chiallaigh tabhairt isteach an TFC go bhféadfadh go leor eagraíochtaí anois bheith ag feidhmiú 24/7. Mar shampla, is féidir le róbait a úsáidtear ar urlár na monarchan in eagraíocht déantúsaíochta bheith ag feidhmiú 24 uair an chloig, 7 lá sa tseachtain. Bhí sealobair ann dá bharr mar bhí fostaithe daonna de dhíth leis an innealra a mhaoirsiú agus a chothabháil. D'fhéadfadh obair sa tráthnóna, san oíche agus/nó ag an deireadh seachtaine a bheith i gceist le sealobair. Tionscal eile a fheidhmíonn 24 uair an chloig sa lá ná lárionaid glaonna. Bíonn muid mar shochaí ag dréim le bheith ábalta teacht ar dhuine ar 3am má chailleann muid fón nó cárta bainc. Mar sin oibríonn fostaithe sealanna oíche lena chinntiú go bhfuil duine ann lena nglaoch a fhreagairt.

Ciallaíonn gléasanna iniompartha amhail ríomhairí glúine, taibléid, agus fóin chliste gur féidir le fostaithe a gcuid oibre a dhéanamh sa bhaile nó ar an bhóthar fiú. Ciallaíonn sé fosta go bhfuil sé níos fusa tegmháil a dhéanamh leis na fostaithe – fiú taobh amuigh de na gnáthuaireanta oibre. I gcás roinnt fostaithe, fágann gléasanna iniompartha an difear idir a saol oibre agus a saol baile doiléir mar mhothaíonn siad go bhfuil iallach orthu glaoch fóin nó ríomhphost a fhreagairt fiú mura bhfuil siad ag an obair.

Teilea-oibriú

Tugtar **teilea-oibriú** ar obair a dhéanamh sa bhaile ag úsáid TFC. Trí úsáid a bhaint as gléasanna amhail ríomhairí glúine, fóin chliste agus cúntóirí digiteacha pearsanta (*PDAs*), is féidir le fostaithe teagmháil a choinneáil leis an áit oibre acu trí úsáid a bhaint as ríomhphost, teachtaireachtaí, físchomhdháil agus as an idirlíon. Is féidir le go leor fostaithe logáil isteach chomh maith ón bhaile ar inlíon a bhfostóra agus rochtain a dhéanamh ar cháipéisí agus ar chomhaid.

Gníomhaíocht

Smaoingh ar thionchar an teilea-oibrithe ar an fhostaí agus ar an fhostóir araon agus scríobh do fhreagraí thíos.

Buntáistí an fhostóra	Míbhuntáistí don fhostóir
Buntáistí an fhostaí	**Míbhuntáistí don fhostaí**

An gá atá le huas-sciliú

Caitheann eagraíochtaí a lán airgid ar na crua-earraí agus ar na bogearraí is déanaí lena n-éifeachtúlacht a fheabhsú. Is airgead amú é seo áfach, mura gcuireann siad oiliúint ar fáil dá bhfostaithe leis an trealamh agus na bogearraí a úsáid go héifeachtúil. Bíonn TFC ag forbairt agus ag athrú an t-am ar fad le crua-earraí nua nó leaganacha nua de bhogearraí á n-eisiúint. Dá bhrí sin, ní mór fostaithe a athoiliúint an t-am ar fad lena scileanna a uasdátú.

Ceisteanna scrúdaithe

1. Tá deiseanna post nua agus athraitheach curtha ar fáil mar gheall ar úsáid na ríomhchóras. Cuir síos ar dhá dhóigh ina ndeachaigh teicnelolaíocht i bhfeidhm ar dheiseanna post sna hearnálacha TFC agus ríomhaireachta (6 mharc)

Meitheamh 2015 Ceist 7

2. Tá na ráitis thíos faoi theilea-oibriú. Scríobh FÍOR nó BRÉAGACH taobh le gach ceann. Tá an chéad cheann déanta (3 mharc)

Meitheamh 2013 Ceist 3(c)

Is é is teilea-oibriú ann ná teileafón a úsáid le díolacháin a dhéanamh le custaiméirí.	BRÉAGACH
Cuireann teilea-oibriú ar chumas na bhfostaithe uaireanta inathraithe a oibriú.	
Bíonn sé níos deacra ar bhainisteoirí monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht teilea-oibrí.	

3. Cuir síos ar an dóigh a mbeidh tionchar ag úsáid na dteilea-oibrithe ar an chomhlacht maidir leis na rudaí seo a leanas:

   a. Fostaithe a earcú

   b. Fostaithe a oiliúint

   c. Speansais agus costais (6 mharc)

Meitheamh 2013 Ceist 3(c)

Leabharliosta

http://www.teach-ict.com/gcse_new/work_employment/employment_ict/home_employment.htm

Téacsleabhar *CCEA ICT for GCSE* (Matthewson, Lynch, Debbadi) Leathanach 248–250

© CCEA 2022